Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15255/23**

**STATIS 76**
**ECOFIN 1158**
**UEM 351**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14563/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, Conclúidí 2023 ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ecofin) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Samhain 2023.

**Conclúidí 2023 ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos roimhe seo sna conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2022, maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA), agus aird á tabhairt ar na treoirlínte polaitiúla don Choimisiún sna blianta 2019 go 2024, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus don fhaireachas ar mhíchothromaíochtaí mhaicreacnamaíocha, agus don staidreamh struchtúrach.

**Freagairt staidrimh ar ghéarchéim**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é gur lean an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) agus an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) de thacaíocht staidrimh thráthúil agus éifeachtach a chur ar fáil do fhreagairt an Aontais ar fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin.

Sa chomhthéacs sin, IS MÓ AN DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é rannpháirtíocht agus iarrachtaí Eurostat, atá i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun staidreamh a bhaineann le fuinneamh a fhorbairt agus chun treoir a chur ar fáil maidir le taifeadadh comhchuibhithe staidrimh a dhéanamh ar na bearta rialtais a théann i ngleic le tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh.

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS gur ardtosaíocht aici é staidreamh tráthúil fuinnimh a bheith ar fáil, agus dá bhrí sin MOLANN SÍ go ndéanfar an Rialachán leasaithe maidir le Staidreamh Fuinnimh a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán. AITHNÍONN an Chomhairle go mbeidh táscairí nua maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite, an éifeachtúlacht fuinnimh, breoslaí nua agus an stóráil fuinnimh á bhforbairt agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún ón gCoimisiún leasú nua maidir leis an tuairisciú hidrigine a mholadh.

**Staidreamh i ndáil leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle torthaí Eurostat maidir le táscairí staidrimh a sholáthar agus an fhaisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, mar aon leis an rannchuidiú a rinne Eurostat le hAthbhreithniú Deonach an Aontais, agus MOLANN SÍ do Eurostat leanúint de bheith i mbun faireachán, i gcomhar leis na Ballstáit, ar an dul chun cinn chun na SDGanna a bhaint amach.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag CSE agus ag CEBC chun freastal ar na héilimh faisnéise a d'eascair as an gComhaontú Glas don Eoraip sna réimsí a leanas: an staidreamh fuinnimh, an staidreamh a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide, na cuntais eacnamaíocha chomhshaoil, na hionstraimí glasa airgeadais, an staidreamh iompair agus an faireachán don gheilleagar ciorclach.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an Togra ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le cuntais Eorpacha chomhshaoil chun raon na gcuntas eacnamaíoch comhshaoil a leathnú chuig modúil nua i réimsí na foraoiseachta, na n-éiceachóras agus na bhfóirdheontas comhshaoil, IARRANN an Chomhairle ar CSE straitéis nuashonraithe do na cuntais chomhshaoil a fhorbairt don tréimhse 2024-28, chun forbairtí amach anseo a threorú; ba cheart na riachtanais atá ag lucht déanta beartas, ualach na n-údarás staidrimh náisiúnta agus obair fhorluiteach le tionscnaimh eile de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur san áireamh leis sin.

**An creat dlíthiúil lena rialaítear staidreamh Eorpach a chur in oiriúint don todhchaí agus rochtain ar shonraí a áirithiú chun staidreamh oifigiúil níos tráthúla agus níos mionsonraithe a thiomsú**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú spriocdhírithe ar Rialachán (CE) 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach chun freagairt ar riachtanais úsáideoirí le haghaidh staidreamh oifigiúil Eorpach atá níos tráthúla, a dhéantar níos minice agus atá níos mionsonraithe, go háirithe le linn géarchéime. Is é is aidhm don togra cur ar chumas na n-údarás staidrimh leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na dteicneolaíochtaí digiteacha nua agus as acmhainneacht na bhfoinsí digiteacha nua, go háirithe sonraí a choinnítear go príobháideach, trína n-úsáid le haghaidh staidreamh Eorpach a chumasú agus féachtar leis freisin an Córas Staidrimh Eorpach a dhéanamh níos éifeachtúla trí chomhroinnt sonraí a chur chun cinn agus trí chomhordú a neartú sna héiceachórais sonraí Eorpacha agus náisiúnta. IS MÓR ag an gComhairle na hiarrachtaí chun rialáil dhlíthiúil a dhéanamh ar an rochtain ar shonraí a choinnítear go príobháideach chun críoch staidrimh agus leagann sí béim ar an ngá atá le nósanna imeachta trédhearcacha simplí i ndáil leis sin, rud a d'oirfeadh do na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis an táirgeadh staidrimh san Eoraip.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an tuairim ó BCE maidir leis an togra an 28 Meán Fómhair 2023. Is é is aidhm don tuairim an comhar staidrimh idir CSE agus CEBC a dhoimhniú.

Tá an Chomhairle AG SÚIL LEIS agus MOLANN sí go nglacfaí an Rialachán leasaitheach go tráthúil.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é Clár Oibre Comhpháirteach um Nuálaíocht CSE, a bhfuil raon tionscadal tosaíochta a bhaineann leas as teicneolaíochtaí agus as foinsí nua sonraí ag gabháil leis. Sa chomhthéacs seo, ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle a thábhachtaí atá sé rochtain mhéadaithe leanúnach a bheith ag táirgeoirí staidrimh oifigiúil ar fhoinsí nua sonraí, go háirithe ar shonraí a choinnítear go príobháideach.

**Acmhainní leordhóthanacha le haghaidh staidreamh oifigiúil**

ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle go gcaithfear a áirithiú go mbeidh na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ag Eurostat agus Údaráis Staidrimh Náisiúnta leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais phráinneacha sonraí, lena n-áirítear sonraí maidir leis an gclaochlú digiteach, an t-aistriú glas agus an t-athrú aeráide.

**Tuarascáil Stádais 2023 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE na forbairtí a bhfuil cur síos orthu sa Tuarascáil Stádais 2023 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA. Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas, go háirithe:

IS MÓR AICI gur cuireadh tuilleadh feabhais ar chuimsiú tíortha, tráthúlacht agus cáilíocht fhoriomlán na bPríomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha.

CUIREANN SÍ I dTREIS an ról tábhachtach atá ag Príomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha i gcónaí mar bhonn chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha gearrthéarmacha agus TÁ SÍ AG TNÚTH le tuilleadh dul chun cinn chun na bearnaí atá fós ann a dhúnadh.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é go ndéanfar innéacs nua de tháirgeadh seirbhísí a fhorbairt agus IS DÍOL SÁSAIMH DI é an togra ón gCoimisiún go nglacfadh sé ionad an táscaire láimhdeachais seirbhísí ráithiúla atá ann faoi láthair mar PEEI ó mhí Aibreáin 2024.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí leanúnacha faoi Thionscnamh G-20 maidir le bearnaí sonraí, agus MOLANN sí go háirithe an obair atá ar bun maidir le staidreamh i ndáil leis an athrú aeráide agus maidir le bearta dáileacháin ar ioncam teaghlaigh, ar thomhaltas agus ar rachmas atá comhsheasmhach leis na comhiomláin mhaicreacnamaíocha.

**Staidreamh faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP) agus faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle dearbhú cáilíochta an staidrimh atá mar bhonn ag MIP, agus IS MÓR AICI tuarascáil measúnaithe cáilíochta bhliantúil CSE-CEBC ar an staidreamh is bonn do MIP ó Eurostat agus ón mBanc Ceannais Eorpach, Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI na gníomhaíochtaí a sainaithníodh inti.

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS go láidir a thábhachtaí atá creat soiléir, aonchineálach agus cobhsaí chun sonraí maidir leis an airgeadas poiblí a láimhseáil ó thaobh staidrimh de, agus ATHDHEARBHAÍONN sí a hiarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na sonraí staidrimh uile is gá chun tagarmharc caiteachais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a chur i bhfeidhm, agus an plé leanúnach maidir le hathchóiriú chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais á chur san áireamh, lena n-áirítear sonraí maidir le hioncam rialtais i bhfoirm cistiú ón Aontas, a thuairisciú do Eurostat, agus leagann sí béim ar an tábhacht a bhaineann le comhchuibhiú agus trédhearcacht na sonraí sin.

**Staidreamh réadmhaoine**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an obair atá á déanamh ag CSE agus CEBC chun táscairí réadmhaoine tráchtála a fheabhsú, agus MOLANN sí é.

**Staidreamh gnó**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é gur cuireadh an creat rialála i gcríoch, lena n-áirítear an rialachán maidir le staidreamh gnó Eorpach (Rialachán (AE) 2019/2152) arna chomhlánú le deich ngníomh cur chun feidhme agus tarmligthe. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é an staidreamh nua d'úsáideoirí, lena n-áirítear an táirgeadh seirbhísí míosúla, chomh maith le trádáil i seirbhísí de réir modhanna soláthair agus de réir shaintréithe fiontair. AITHNÍONN an Chomhairle gur ar fhoinsí nua sonraí a bhunaítear feabhsuithe ar staidreamh gnó, lena n-áirítear micreashonraí maidir le honnmhairiú earraí laistigh den Aontas a mhalartaítear idir na Ballstáit, agus gur féidir an t-ualach freagartha ar fhiontair a laghdú go suntasach agus leibhéal fónta cáilíochta á choinneáil ag an am céanna.

MOLANN an Chomhairle do CSE tuilleadh forbartha a dhéanamh ar staidreamh maidir le rannchuidiú fiontar beag agus meánmhéide leis an ngeilleagar, miondealuithe réigiúnacha, nascadh micreashonraí agus tomhas fiontar ardfháis.

AITHNÍONN an Chomhairle na torthaí a ghnóthaigh CSE maidir le sonraí agus táscairí a sholáthar, i gcomhthéacs na Teachtaireachta maidir leis an Deacáid Dhigiteach, agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an plean gníomhaíochta CSE a chur chun feidhme ina iomláine. Chuige sin, IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle iad na tionscnaimh bhreise chun freastal ar na riachtanais agus na bearnaí sonraí a sainaithníodh.

**Staidreamh déimeagrafach agus sóisialta**

AITHNÍONN an Chomhairle an chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh staidreamh Eorpach i ndáil leis an daonra agus IS DÍOL SÁSAIMH di gur fhoilsigh Eurostat réamh-mheastacháin fhadtéarmacha ar an daonra i mí an Mhárta 2023.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an togra le haghaidh rialachán nua a mhol an Coimisiún le déanaí maidir le staidreamh ar mhargadh an tsaothair ó ghnólachtaí, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an staidreamh tráthúil maidir le costais saothair. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é an dul chun cinn a rinne CSE maidir le bailiú píolótach na sonraí a bhaineann le hoibrithe ar na hardáin dhigitigh, agus is IS FADA LÉI foilsiú na gcéad torthaí faoi dheireadh na bliana 2023.

IARRANN an Chomhairle ar CSE leas a bhaint as an athbhreithniú atá ar siúl aige ar staidreamh sláinte, agus é mar chuspóir aige measúnú a dhéanamh ar bhailiú na sonraí atá ann cheana, ar riachtanais úsáideoirí agus ar dheiseanna simpliúcháin, chun an staidreamh sin a fheabhsú.